

17 Córas comhtháite bainistíochta airgeadais de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

17.1 Ó bunaíodh in 2005 í, tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag iarraidh córas comhtháite bainistíochta airgeadais (IFMS) a fhorbairt. Nuair a chuirfear i bhfeidhm go hiomlán é, tá sé i gceist go dtiocfaidh IFMS in ionad iliomad córas airgeadais agus soláthair oidhreachta ar fud FSS, na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), agus 64 gníomhaireacht sláinte eile a mhaoinítear go poiblí (féach larscríbhinn 17A). Beidh feidhm ag cairt aonair cuntas ar fud na n-eintiteas dlíthiúil go léir ar an gcóras.

17.2 Tá IFMS ríthábhachtach d'oibriú FSS agus dá buiséadú agus dá tuairisciú airgeadais. Tharla moilleanna ar thionscadail, agus bhí roinnt deacrachtaí ag baint le cur i bhfeidhm na chéad chéime den tionscadal. Rinneadh an scrúdú seo chun na nithe seo a leanas a dhéanamh

- athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na costais go dtí seo i bhfeidhmiú céimneach IFMS in FSS; agus
- tionchar IFMS ar phróisis tuairiscithe airgeadais agus ar phróisis tuairiscithe eile FSS a fhiosrú, lena n-áirítear a tuairisciú don Roinn Sláinte (an Roinn).

Chuir an fhoireann imscrúdúcháin agallamh ar fhoireann FSS, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh an chórais, rinne siad athbhreithniú ar dhoiciméadú an tionscadail agus thug siad faoi réamhbhreithniú ar an láthair ar IFMS.

1 Dheimhnigh FSS gurbh é cás gnó TFC 2015, cé gur 'dréacht' a bhí marcáilte leis, an leagan deiridh.

2 Níor luadh i gcás gnó TFC 2015 cé acu a cuireadh nó nár cuireadh CBL san áireamh sa bhuiséad tionscadail a bhí beartaithe. Dúradh sa chás gnó a cuireadh faoi bhráid na Roinne i mí na Bealtaine 2014 nach raibh CBL san áireamh sa bhuiséad caipitil a bhí beartaithe.

3 Áirítear caiteachas caipitil agus caiteachas aonuaire araon sa bhuiséad caipitil. Chun críocha na tuarascála seo, tugtar caipiteal ar an dá rud. Glactar leis freisin chun críocha na tuarascála seo go mbaineann gach costas athchóirithe airgeadais le IFMS.

Bunús an tionscadail

17.3 I mí na Nollag 2013, bhunaigh FSS grúpa stiúrtha — Grúpa Stiúrtha an Chláir um Athchóiriú Airgeadais — agus chuir sí struchtúr foirmiúil i bhfeidhm chun athchóiriú airgeadais a sheachadadh in FSS. Tá an grúpa stiúrtha freagrach as na nithe seo a leanas

- seachadadh an chláir um athchóiriú airgeadais a bhainistiú.
- a chinntiú go ndéantar na buiséid chláir riachtanacha a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm, agus
- príomh-bhunspriocanna inghnóthaithe clár a fhaomhadh agus a shíniú.

17.4 Tar éis di cás gnó a chur faoi bhráid na Roinne i mí na Bealtaine 2014 do shamhail oibriúcháin airgeadais nua, chuir FSS cás gnó mionsonraithe teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) do IFMS faoi bhráid na Roinne i mí na Bealtaine 2015.¹ Sa bhuiséad a bhí beartaithe do IFMS a leagadh amach sa chás gnó TFC, bhain €82 milliún le costais chaipitil agus €50 milliún le caiteachas athfhillteach do thacaíocht chórais thar thréimhse 11 bliana.^{2,3}

- 17.5** I mí na Bealtaine 2015, mhol an Roinn (mar urraitheoir an tionscadail) an caso gnó TFC seo don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (An Roinn Caiteachais Phoiblí) lena fhaomhadh. Rinneadh athbhreithniú ar an gcás gnó TFC faoi phróiseas piarmheasúnaithe tionscadail na Roinne Caiteachais Phoiblí agus ceadaíodh don tionscadal dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile i mí Dheireadh Fómhair 2015.¹
- 17.6** Samhláíodh i gcás gnó TFC go gcuirfí tús le feidhmiú céimneach IFMS in 2017 d'fhonn é a chur i bhfeidhm go céimneach go hiomlán in FSS, i ngach grúpa ospidéal reachtúil agus deonach agus i naoi n-eagraíocht cúraim sláinte pobail réigiúnacha de chuid FSS (CHONna), faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2019. Beartaíodh go bhféadfadh sé go ndéanfaí leathnú ar roinnt eagraíochtaí 'alt 39' ó mhí Dheireadh Fómhair 2019 go dtí deireadh 2020.²
- 17.7** Cuid shuntasach de chás gnó TFC FSS ab ea an obair chobhsaíochta a bhí le déanamh chun córais nua a chur in ionad córais airgeadais oidhreacht a bhí ag imeacht in aois agus gan tacaíocht. Cuireadh tús le hobair ar chobhsú na gcóras atá ann cheana in FSS in 2016 agus lean sí ar aghaidh in éineacht le forbairt IFMS. Cuirfear IFMS in ionad na gcóras cobhsaithe.

Feidhmiú céimneach IFMS

- 17.8** Tar éis próiseas tairisceana in 2016/2017, rinne FSS conradh le SAP, an chuideachta bogearraí, chun ardán bogearraí 'pleanáil acmhainní fiontraíochta' (ERP) a cheannach a soláthrófaí IFMS air. Úsáidtear an cineál bogearraí sin chun príomhphróisis ghnó fiontraíochta aonair a chomhtháthú, mar shampla, airgeadas, slabhraí soláthair agus soláthar.
- 17.9** I mí na Nollag 2019, tar éis próiseas tairisceana ar leithligh, cheap FSS suimeálaí córas, DXC Technology (DXC) chun IFMS a dhearadh, a thógáil, a thástáil agus a chur in úsáid ar an ardán de réir riachtanais FSS. Tá saineolas ag suimeálaí córas ar fho-chórais comhpháirteanna a thabhairt le chéile in aon chóras amháin agus táthar ag súil go mbeidh sé i gceannas ar roinnt mhaith de ghníomhaíochtaí teicniúla IFMS. Bhí na hoibreacha ar conradh le seachadadh i gcúig chéim lena n-áirítear céim ullmhúcháin, deartha, tógála agus tástála; agus imlonnú (i gceithre chéim) an chórais nua thar chodanna roghnaithe de FSS agus trí chomhlacht phíolótacha san earnáil sláinte a dhéanann ionadaíocht ar phríomhstruchtúir na hearnála sláinte.³ Áiríodh i ngach céim imlonnaithe tacaíocht i ndiaidh 'teacht i bhfeidhm'.
- 17.10** Tar éis dearadh an chórais a sheachadadh in 2021, d'aontaigh FSS agus DXC deireadh a chur le conradh an tsuimeálaí córas. Dúirt FSS gur tháinig roinnt maoileanna ar an tionscadal agus go raibh dúshlán roimhe le linn na céime deartha, lena áiríodh tionchar Covid-19 agus cibirionsaí ar FSS i mí na Bealtaine 2021.
- 17.11** Luaigh FSS freisin, bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ón bpróiseas soláthair suimeálaí córas, go ndearnadh roinnt athruithe lárnacha chun suimeálaí nua córas a sholáthar, lena n-áirítear, *inter alia*
- athbhreithniú agus leathnú ar an ráiteas riachtanas, lena n-áirítear imlonnú IFMS lena n-áirítear chuig FSS ar fad agus chuig gach eagraíocht dheonach a bhfuil maoiniú bliantúil de bhreis ar €10 milliún acu.

1 Faomhadh an tionscadal chun dul ar aghaidh ag céimeanna éagsúla le linn a shaolré, lena n-áirítear siniú conartha, ag Aonad Maoirseachta um Ríomhsheirbhísí Rialtais na Roinne Caiteachais Phoiblí.

2 Soláthraíonn eagraíochtaí Alt 39 seirbhísí atá cosúil nó coimhdeach le seirbhísí a sholáthraíonn FSS, agus a gcuireann FSS maoiniú ar fáil dóibh faoi alt 39 den Acht Sláinte, 2004.

3 Ba iad na trí eagraíocht píolótacha Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae (géarmhíochaine), Ospidéal Naomh Micheál (neamh-ghéarmhíochaine) agus Cumann Cúraim an Iarthair (alt 39).

- riachtanais dearbhaithe cáilíochta dearaidh nua chun aon bhearna a d'fhéadfadh a bheith ann i ndearadh nó i bhfeidhmiúlacht an dearaidh cheadaithe a shainaithe agus aghaidh a thabhairt orthu.
- comhtháthú breise agus feabhsaithe a thabhairt isteach le córais FSS eile.
- athruithe ar chritéir dhámhachtana na meastóireachta tairisceana agus ar na hualuithe gaolmhara.

1 Is tréimhse tacaíochta méadaithe d'úsáideoirí í an tréimhse ina dtugtar níos mó cúraim d'úsáideoirí nua córais TFC.

2 Maidir le sonraisc a phróiseáiltear trí IFMS, seolann an soláthraí na sonraisc ar ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist ainmnithe nua. Dearadh an córas chun athbhreithniú uathoibríoch a dhéanamh ar shonraisc trí úsáid a bhaint as scanadh sonrasc téacs oscailte agus chun na sonraisc a chur le chéile i bhformáid leictreonach le horduithe ceannaigh gaolmhara chun próiseáil a chumasú le haghaidh íocaíochta. Ní phróiseáiltear sonraisc ach amháin má tá siad ag teacht leis an bhfaisnéis a áirítear san ordú ceannaigh ar bhonn líne de réir líne. Teastaíonn bailíochtú láimhe agus seiceálacha comhlíontachta chun gur féidir iad a phróiseáil in IFMS le sonraisc a bhfuil ordú ceannaigh ar iarraidh nó nóta faisnéise faoi earraí a fuarthas.

3 Cuireann Ionad Náisiúnta Dáileacháin FSS lóistíocht agus bainistíocht fardail ar fáil do shuíomhanna FSS go náisiúnta.

4 Áiríodh leis na critéir, *inter alia*, aistriú eolais a chur i gcrích le haghaidh gach feidhmiúlacht feidhmchláir bheo agus doiciméid iarratais agus athbhreithniú aistrithe eolais aisiompaithe. Chomh maith leis sin, ní raibh aon teagmhais chriticiúla ná arda a sainithníodh le linn na tréimhse ina dtugtar níos mó cúraim d'úsáideoirí mar thoradh ar athrú mór sa chóras le bheith fágtha gan réiteach, agus bhí aon teagmhais mheánmhéide agus ísle gan réiteach le bheith laistigh de theorainneacha comhaontaithe.

17.12 Tar éis próiseas tairisceana nua, rinne FSS conradh le IBM Ireland (IBM) mar an tsuimeálaí nua córas i mí Iúil 2022. I mí Mheán Fómhair 2022, cheadaigh FSS feidhmiú céimneach IFMS ar bhonn céimnithe ar fud cúig 'ghrúpa forfheidhmithe' beartaithe, lena n-áirítear na trí ghníomhaireacht phíolótacha nach cuid de FSS iad (féach larscríbhinn 17B).

Cur i bhFeidhm

17.13 I mí Mheán Fómhair 2022, faoi chonradh nua an tsuimeálaí córas, comhaontaíodh amlíne nua cur chun feidhme le IBM. Áiríodh leis sin bailíochtú IBM ar dhearadh an chórais atá ann cheana a thabhairt i gcrích faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022; céim thógála agus thástála a chríochnú i mí an Mheithimh 2023; agus an chéad ghrúpa forfheidhmithe (GF1) ag teacht i bhfeidhm leis an gcóras nua i mí Iúil 2023.

17.14 Lean an chéim thógála agus thástála ar aghaidh mar a bhí beartaithe go dtí mí an Mheithimh 2023. Mar sin féin, d'fhág sé sin gur beag am a bhí ar fáil do na húsáideoirí nua dul i ngleic go fiúntach leis an gcóras sular tháinig sé i bhfeidhm. Mar sin féin, chinn FSS IFMS a thabhairt i bhfeidhm do GF1 an 3 Iúil 2023 de réir mar a bhí sceidealaithe.

17.15 Níor éirigh leis an rolladh amach chomh maith agus a samhláíodh. Cheap roinnt úsáideoirí nach raibh dóthain ama acu chun dul i dtaithe ar an gcóras nua, agus ar mhéid na bpróiseas nua a bhí ag teastáil, mar gheall go páirteach ar uainiú na céime tógála agus tástála. Dá bhrí sin, lean úsáideoirí orthu ag dul i dtaithe ar fhadhbanna leis an gcóras tar éis don 'tréimhse ina dtugtar níos mó cúraim d'úsáideoirí mar thoradh ar athrú mór sa chóras' de chuid an úsáideora dul in éag i mí Mheán Fómhair 2023.¹ Áiríodh ar na saincheisteanna a bhí ann

- fadhbanna leis an gcóras bainistíochta sonraisc díoltóra agus próiseáil sonrasc le haghaidh íocaíochta, go príomha mar gheall ar ordú ceannaigh ar iarraidh nó nóta faisnéise faoi earraí a fuarthas, rud a fhágann go bhfuil riaráiste íocaíochtaí ann.²
- saincheisteanna córais, sonraí agus oibríochtúla san Ionad Náisiúnta Dáileacháin tar éis feidhmiúlacht nua leathnaithe bainistíochta stórais a chur chun feidhme mar chuid de IFMS, rud a imríonn tionchar ar sholáthar stoic agus ar sholáthar moillithe cúlorduithe.³
- fadhbanna le haistriú seansonraí chuig an gcóras nua agus coigeartuithe gaolmhara.
- ní raibh coinne le méid na nduilleogí/na nglanna chuig an deasc chabhrach agus bhain moill d'úsáideoirí cúnamh a fháil.

Ina theannta sin, bhí na critéir chun le deireadh a chur le tréimhse ina dtugtar níos mó cúraim d'úsáideoirí mar thoradh ar athrú mór sa chóras dírithe ar ghnéithe teicniúla an réitigh seachas dá mba rud é go mbeadh oiliúint agus taithe leordhóthanach ag úsáideoirí bogadh ar aghaidh ó thacaíochtaí don mhéid chéanna.⁴

- 17.16** Le feabhas a chur ar an bpleanáil do scéimeanna a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach amach anseo, thug FSS faoi chleachtadh na gceachtanna foghlamtha i ndiaidh feidhmiú céimneach IFMS do GF1. I measc na gceachtanna foghlamtha bhí an gá go mbeadh na rudaí seo ann:
- tuilleadh feasachta ag grúpa tionscadail IFMS ar bhealaí áitiúla le hobair a dhéanamh, le tuiscint a fháil ar na cleachtais a chaithfear a athrú agus le traenáil spriocdhírthe a sholáthar
 - freagracht shoiléir a shannadh le hainm a chur le sonraí réamh-IFMS agus iar-IFMS.
 - feabhas curtha ar struchtúir thacaíochta, mar shampla, dóthain acmhainní ag réitigh na deisce cabhraí, chun tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí le linn an aistrithe.
 - machnamh á dhéanamh ar mheasúnaithe ullmhachta do scéimeanna a bheidh á bhfeidhmiú go céimneach amach anseo, agus athbhreithniú ar bhearta (conarthacha) chun éirí as an tréimhse ina dtugtar níos mó cúraim d'úsáideoirí mar thoradh ar athrú mór sa chóras.
 - tuilleadh teagmhála aghaidh ar aghaidh idir an fhoireann tionscadail agus na húsáideoirí.
 - struchtúr láidir, ionadaíoch an rialachais atá le coinneáil do scéimeanna a bheidh á bhfeidhmiú go céimneach amach anseo.

Feidhmiú céimneach luathaithe

- 17.17** I mí Dheireadh Fómhair 2023, chuir baill foirne FSS a bhí ina mbaill foirne den cheardchumann Fórsa tús le gníomhaíocht thionsclaíoch, nár cuireadh stop leis go dtí tús mhí Feabhra 2024. Dúradh le baill Fórsa gan baint a bheith acu le feidhmiú breise IFMS ar bhonn céimneach, i measc míreanna oibre eile. Bhain FSS agus IBM leas as an tréimhse gníomhaíochta tionsclaíche mar dheis chun tabhairt faoi thuilleadh oibre maidir le feidhmiúlacht IFMS a bharrfheabhsú.¹

- 17.18** Forbraíodh plean i mí Feabhra 2024 chun dlús a chur faoi fheidhmiú céimneach IFMS, tar éis don Roinn iarratas a chur isteach ina leith sin. Is éard atá i gceist leis an bplean luathaithe feidhmiú céimneach IFMS sa chuid eile de FSS in dhá ghrúpa: GF2 agus GF3 (féach Fíor 17.1).² Ní bhaineann eagraíochtaí alt 38 ná alt 39 leis an gcur i bhfeidhm luathaithe.³

- 17.19** Plean athbhreithnithe FSS is ea go mbeidh an IFMS curtha i bhfeidhm go hiomlán agus ag obair laistigh de FSS faoi dheireadh 2025. Dúirt FSS, go bhfuiltear ag súil, ag an gcéim sin, go mbeadh thart ar 80% den chaiteachas sláinte bhliantúil próiseáilte trí IFMS. A luaithe a bheidh feidhmiú céimneach FFS curtha i gcrích, cuirfear tús lena bhfeidhmiú céimneach i gcomhlachtaí sláinte eile.


- 17.20** Tá an feidhmiú céimneach luathaithe ag titim ar gcúl faoi láthair. Dúirt FSS, cé go bhfuil roinnt gníomhaíochtaí ag titim beagán ar gcúl, tá sé seo á bhainistiú laistigh den phlean trí chéile, agus meastar nach mbeadh tionchar aige ar an sceideal trí chéile ná ar na dátaí ar a bhfuil siad ceaptha 'teacht i bhfeidhm': GF2 (1 Aibreán 2025) agus GF3 (1 Iúil 2025).

¹ Íocadh €5.5 milliún (CBL san áireamh) le IBM don obair bharrfheabhsaithe sin trí nótaí athraithe sa rialú 6 agus 7 in éineacht (féach Aguisín 17C).

² D'fhaomh Bord FSS an plean forfheidhmithe luathaithe do IFMS i mí an Mhárta 2024.

³ Is éard atá i gceist le heagraíochtaí Alt 38 ospidéal dheonacha agus gníomhaireachtaí neamh-ghéarmhíochaine a sholáthraíonn seirbhísí thar ceann FSS agus a gcuireann FSS maoiniú ar fáil dóibh faoi alt 38 den Acht Sláinte, 2004.

Fíor 17.1 Feidhmiú céimneach luathaithe IFMS



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nóta: a Tá FSS Thiar agus Thiar Thuaidh, agus FSS an Lár-larthair i gceist le grúpa forfheidhmithe 2 (GF2). Tá FSS Bhaile Átha Cliath agus Thoir Theas, FSS Thiar Theas, FSS Bhaile Átha Cliath agus Thoir Thuaidh agus FSS Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre i gceist le grúpa forfheidhmithe 3 (GF3).

An costas go dtí seo a bhaineann le feidhmiú céimneach IFMS

Buiséad caipitil do IFMS


17.21 Leagtar na costais airgid do IFMS i gcás gnó TFC 2015 FSS a cuireadh faoi bhráid na Roinne agus conas a chaithfear an maoiniú caipitil buiséid €82 milliún le linn na tréimhse idir 2016 agus 2020 (féach Fíor 17.2). Dúirt FSS an méid seo a leanas:

- ní raibh CBL san áireamh i gcostais an cháis gnó, agus cé nach bhfuil sé seo ráite sa cháipéis ó 2015, dúradh i gcás gnó roimhe a cuireadh faoi bhráid na Roinne i mí na Bealtaine 2014 nach raibh CBL san áireamh sa bhuiséad caipitil molta.
- leagadh an cás gnó isteach de réir riachtanais an *Chóid Caiteachais Phoiblí*, ag an am.

17.22 Dúirt an Roinn gurbh é €82 milliún, CBL san áireamh, a leithdháileadh ar FSS chun IFMS a fheidhmiú go céimneach. É sin ráite, níor sholáthair an Roinn cóip den fhaomhadh a tugadh do FSS, den áit ina bhfuil an méid sin luaite. I ndeireadh mhí Mheán Fómhair 2024, thug FSS cóip don fhoireann imscrúdúcháin de chead caipitil tarmligthe na Roinne Caiteachais Phoiblí, dar dáta mí Dheireadh Fómhair 2016, a raibh €82 milliún san áireamh ann do chóras airgeadais nua.¹

¹ Cead Caipitil Tarmligthe Ilbhliantúil 2016 – 2019 [Multi-Annual Delegated Capital Sanction] don Roinn Sláinte, dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2016.

Fíor 17.2 Miondealú ar bhuiséad caipitil IFMS dar luach €82 milliún



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - *Cás Gnó um Leasú Airgeadais trí Thionscadal Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) FSS Bealtaine 2015* [Finance Reform HSE Information and communication technology (ICT) Project business case]

Nóta: a Bíonn buiséad i gceist i gcaipiteal neamh-TFC don chobhsú — 8% chun bogearraí na seanchóras FSS a uasdátú, rud a éascóidh don aistriú chuig IFMS; 4% don bhainistiú cláir agus 4% don chomhairle dlí agus don bhainistiú tráchtála.

17.23 Chuir FSS in iúl don Roinn i ndeireadh 2022 go mbeadh gá le tuilleadh maoinithe, ó 2026 ar aghaidh, b'fhéidir, toisc go raibh an faomhadh buiséid IFMS a fuarthas in 2016

- bunaithe ar obair a rinneadh in 2014 agus 2015;
- inar léiríodh meastacháin roimh an tairiscint; agus
- ní raibh CBL san áireamh.¹

Costais Forbartha Córais

17.24 Measadh gurbh fhiú €34 milliún (CBL san áireamh) é conradh FSS le SAP chun ardán bogearraí ERP a cheannach le IFMS a chur i gcrích, thar thréimhse deich mbliana, agus costais na mbogearraí agus na tacaíochta san áireamh thar thréimhse an chonartha.²

17.25 I gconradh le DXC, €19.1 milliún (CBL san áireamh) a bhí sa suimeálaí córas a ceapadh i dtosach chun córas IFMS a dhearadh.³ Bhí sé seo mar thoradh ar chomórtas iomaíoch tairiscintí ina raibh tairiscint chostais an tairgeora rathúil i bhfad níos lú ná an dá thairiscint eile a fuarthas.

17.26 €10.8 (CBL san áireamh) ab ea an costas ar conradh do chéim 1 chonradh DXC (lenar clúdaíodh ullmhúchán, dearadh, tógáil agus tástáil). In 2021, agus dearadh an chórais curtha i gcrích, agus ag tús na céime tógála, cuireadh an conradh ar fionraí agus ina dhiaidh sin aontaíodh ar a fhoirceannadh.

17.27 Íocadh €9 milliún ar an iomlán le DXC (CBL san áireamh). Áiríodh air sin:

- €5.3 milliún a bhain le dearadh an chórais⁴
- €2.1 chun plan nua a chur le chéile mar gheall ar mhoilleanna de bharr Covid-19 — rangaiigh FSS €1.9 milliún de sin mar chaiteachas bainteach le Covid-19 seachas mar chaiteachas an tionscadail
- thart ar €1.6 milliún d'obair eile a rinneadh sular cuireadh deireadh leis an gconradh.

1 Caiteachas Caipitil agus Anailís ar Bhuiséad an Chláir Athchóirithe Airgeadais [Finance Reform Programme Capital Expenditure and Budget Analysis], mí na Samhna 2022.

2 Tá foráil déanta sa chonradh maidir le méadú ar an bpraghsáil le linn thréimhse an chomhaontaithe.

3 €18.2 milliún ab ea gné phraghais shocraithe an chonartha le €900,000 i bhfoirm tacaíocht roghnach 'teacht i bhfeidhm'.

4 Mhéadaigh na hathruithe ar an dearadh an tsuim a íocadh faoi €400,000 chuig €5.3 milliún.

- 17.28** €63 milliún (CBL san áireamh) ab ea luach chonradh FSS le IBM i mí Iúil 2022 d'úsáid IFMS ar fud na FSS; i ndiaidh na tacaíochta 'teacht i bhfeidhm'; na dtáirgí bogearraí agus imlonnú an chórais do chomhlachtaí deonacha. Bhí €4 milliún san áireamh anseo do IBM le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh bunaidh DXC agus é a dhearbhu, chun a chinntiú gur chomhlíon sé riachtanais IFMS 2022, sular glacadh freagracht as córas a thógáil bunaithe ar an dearadh sin.¹
- 17.29** Ó mhí Iúil 2024, tiocfaidh méadú ar na costais ar conradh don chuid eile den chonradh, mar gheall ar chur i bhfeidhm innéacsaithe bunaithe ar phraghasinnéacs tomhaltóirí.²
- 17.30** Tá foráil sa chonradh le IBM i leith iarratais ar athrú, a raibh naoi gcinn acu ann idir mí Mheán Fómhair 2022 agus mí an Mhárta 2024 (féach Aguisín 17C). Tá méadú dar luach €44 milliún tagtha ar luach an chonartha sin ar na nótaí athraithe sa rialú a aontaíodh go dtí mí an Mheithimh 2024, i.e chuig €107 milliún san iomlán (CBL san áireamh). Áirítear leis sin méadú €20 milliún d'fheidhmiú céimneach luathaithe IFMS ar fud FSS agus €18 milliún do thacaíocht i ndiaidh 'teacht i bhfeidhm'.

Olltoradh an chaiteachais chaipitil (suas go dtí mí an Mheithimh 2024)

- 17.31** Ó thús 2016 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024, d'aithin FSS costais chaipitil a bhaineann le IFMS dar luach iomlán €60.2 milliún (CBL san áireamh). Áirítear leis sin:
- íocaíochtaí caipitil le IBM dar luach iomlán €42 milliún do IFMS agus don obair chobhsaithe chórais chomhuainíochta
 - íocaíochtaí dar luach iomlán €7 milliún le DXC (gan €1.9 milliún den tsuim mar gheall ar mhóilleanna Covid-19 san áireamh)
 - €6.2 milliún le SAP maidir le ceannach ceadúnais SAP, agus
 - €5 milliún le soláthróirí seachtracha eile.

Costais FSS nach bhfuil caipitlithe

- 17.32** Ní áirítear dhá chatagóir de chostais tionscadail i gcostais chaipitil IFMS arna n-aithint ag FSS go dtí seo.
- Tuarastail fhoireann FSS féin atá ag obair go lánaimseartha ar thionscadal IFMS agus forchostais ghaolmhara, déantar iad a mhuirearú mar chostais athfhillteacha, seachas mar chostais chaipitil.
 - Costais tionscadail a tabhaíodh roimh 2016, mar shampla, forbairt agus athbhreithniú an cháis gnó agus costais tionscadail luatha eile, ní aicmítear mar chostais chaipitil iad ach chomh beag.

Dúirt FSS, i gcomhréir le roinnt ciorclán ón Roinn Caiteachais Phoiblí, nach ndéantar costais inmheánacha foirne a chaipitliú i gcás cláir TFC.

¹ Chuir FSS ráiteas nuashornaithe na riachtana do IFMS le chéile mar chuid den soláthar don suimeálaí córas nua.

² Tá foráil déanta sa chonradh maidir le hinnéascú praghais ón 25ú mí den chonradh bunaithe ar innéacs praghsanna tomhaltóirí bliantúlaithe.

Costais athfhillteacha

17.33 Áiríodh le cás gnó TFC 2015 buiséad €50 milliún le haghaidh costais athfhillteacha TFC IFMS i gcaitheamh na tréimhse aon bhliain déag ó 2016 go 2026 — €29 milliún le haghaidh costais cheadúnais (SAP); agus €21 milliún le haghaidh costais seirbhíse bainistithe, lena n-áirítear cothabháil na gcóras (cinn atá ann cheana agus atá le forbairt). Dúirt FSS, suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024, gur tabhaíodh thart ar

- €6 milliún (CBL san áireamh) ar chostais tacaíochta cheadúnais SAP.¹
- Tabhaíodh €15.1 milliún (CBL san áireamh) ar chostais seirbhíse bainistithe, lena n-áirítear cothabháil na gcóras.

Mar sin féin, muirearaíodh na méideanna sin, mar aon le €3.6 milliún i gcostais phá le haghaidh baill foirne FSS a thacaíonn le IFMS, mar chostais IFMS 'gnó mar is gnách' faoi Ionad Bairr Feabhais SAP FSS seachas in aghaidh chostais tionscadail IFMS. Dúirt FSS go bhfuil gach caiteachas athchóirithe airgeadais, lena n-áirítear caiteachas a bhaineann le tionscadail IFMS, inaitheanta ar leithligh ar a córais chuntasaíochta.

Costais foirne inmheánacha FSS

17.34 Áiríodh sa bhuiséad caipitil do chás gnó TFC a mhol FSS costais réamh-mheasta le haghaidh thart ar 27.5 ball foirne ar bhonn coibhéis lánaimseartha (CL) ag obair ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm IFMS. Dúirt FSS gur ann do na costais bhuiséadaithe sin le haghaidh acmhainní seachtracha.


17.35 Ag an 31 Nollaig 2023, bhí nach mór 64 bhall foirne CL ag obair ar chlár athchóirithe airgeadais FSS, agus is é IFMS an phríomhghné den líon sin.

17.36 Ó bhí 2017 ann, mhuirearaigh FSS thart ar €50.75 milliún as pá agus forchostais a bhaineann le IFMS ar an gclár athchóirithe airgeadais (féach Fíor 17.3).² Dúirt FSS, idir 2017 agus 2020, gur maoiníodh an caiteachas sin ó thaobh istigh de bhuiséad reatha FSS do gach bliain. Ó bhí 2021 ann, fuair FSS leithdháileadh maoinithe bhliantúil breise €10 milliún ón Roinn le haghaidh pá agus forchostais FSS a bhaineann le IFMS.

1 Ón 1 Eanáir 2023, is féidir le SAP costas na tacaíochta a mhéadú (arna leagan síos i dtosach ag ráta 22% de luach an cheadúnais) faoin gcéatadán d'ardú sa phraghasinnéacs tomhaltóirí — le cur i bhfeidhm ar bhonn neamh-chomhiomlánaithe go dtí an 31 Nollaig 2025, agus ina dhiaidh sin cuirfear an méadú i bhfeidhm ar bhonn comhiomlánaithe.

2 Níl costais a taibhíodh in 2016 ar fáil. Ó bhí 2017 ann, déantar pá agus forchostais IFMS a thaifeadadh faoi bhuiséad ioncaim le haghaidh clár athchóirithe airgeadais.

Fíor 17.3 Costais athfhillteacha a bhaineann le IFMS ó 2017 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Olltoradh tionscadail

17.37 I litir chinnidh 2024 na Roinne chuig FSS, a eisíodh i mí na Samhna 2023, chuir an Roinn maoiniú breise aonuaire €40 milliún ar fáil in 2024 chun borradh a chur faoi fheidhmiú céimneach IFMS, rud a d'fhág gur €172 milliún a bhí sa bhuiséad iomlán TFC a leithdháileadh. An buiséad a bhfuil gá leis chun rolladh amach IFMS chuig an gcuid eile de FSS agus chuig na heagraíochtaí sláinte 'laistigh de raon feidhme' a chur i gcrích, tá sé fós le forbairt ag FSS.

17.38 Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024, bhí sé taifeadta ag FSS gur caitheadh thart ar €136 milliún ar thionscadal IFMS.¹ Áirítear leis sin €60.2 milliún i gcostais chaipitil, €50.75 milliún i gcaiteachas reatha inmheánach le haghaidh thionscadal IFMS, agus €24.8 milliún i gcostais bogearraí agus oibriúcháin reatha (Ionad Bairr Feabhais SAP).

Fadhbanna oibríochtúla IFMS

17.39 Le hiniúchadh 2023 ar ráitis airgeadais FSS, tugadh faoi deara roinnt fadhbanna oibríochtúla a bhain le IFMS tar éis an córas le haghaidh GF1 a chur i bhfeidhm i mí Iúil 2023. I measc na bhfadhbanna sin bhí:

- roinnt íocaíochtaí dúblacha a rinneadh trí IFMS le soláthróirí.
- moilleanna agus deacrachtaí maidir le sonraisc a phostáil agus a chur le nótaí earraí isteach.
- ba ghá seiceálacha imréitigh cánach a dhéanamh de láimh i gcásanna áirithe (bhí sé beartaithe go n-uathoibreofaí seiceálacha in IFMS).
- moilleanna maidir le sonraisc a íoc, go háirithe páirtíocaíochtaí as obair chaipitil leanúnach.
- ní raibh IFMS cumraithe chun ús prasíocaíochta a ríomh go huathoibríoch.

¹ Ní áirítear leis seo €1.9 milliún a cuireadh ar chaiteachas Covid-19.

17.40 Mar fhreagra ar thorthaí an iniúchta, dúirt FSS an méid seo a leanas:

- le líon mór sonrasc a fuarthas ó sholáthróirí ní dhearnadh tagairt d'ordú ceannaigh oifigiúil FSS ná níor próiseáladh nóta earraí isteach ina leith, rud a d'fhág go raibh moill ar phróiseáil na híocaíochta.
- ba ann d'fhadhbanna sealadacha le sonraí ascanta, sa chaoi nár ascaíodh uimhreacha cánach soláthróirí áirithe anonn nó go raibh siad neamhbhailí.
- níor ascaíodh máistirshonraí le haghaidh sonraisc oscailte ba shine ná trí mhí ar dtús, rud a d'fhág go raibh moill ar íocaíocht, go háirithe i gcás obair chaipitil leanúnach.

Luaigh sí freisin, ó bhí Lúnasa 2024 ann, gur féidir le IFMS ús prasíocaíochta a ríomh go huathoibríoch.

17.41 Dúirt FSS an méid seo a leanas freisin:

- Léireofar a ráitis airgeadais bhliantúla le haghaidh 2025 (le foilsiú i lár 2026) go hiomlán ó IFMS tar éis feidhmiú céimneach iomlán an chórais ar fud FSS le linn 2025.
- Beidh eagraíochtaí eile, a luaithe a aistrefar chuig IFMS iad, in ann a ráitis airgeadais a léiriú ó IFMS freisin.
- Le catagóiríú comhsheasmhach na n-ionad costais ar fud na n-eintiteas uile ar IFMS, éascófar tuairisciú caighdeánaithe náisiúnta ar sheirbhísí freisin.¹
- Le mír líne IFMS a mheaitseálann sonraisc le horduithe ceannaigh, ceadófar dó tabhairt faoi thuairisciú praghaís/toirte de réir suímh, sa chaoi go mbeidh sé in ann tochailt síos agus a shuí cé acu atá nó nach bhfuil aon athrú ar chostas táirge (nó seirbhíse) mar gheall ar mhéaduithe ar phraghas agus/nó cainníocht.
- Ceapadh IFMS chun tuairisciú náisiúnta caighdeánaithe ar sheirbhísí a chur ar fáil mar aon le tuairisciú mionsonraithe ar éagsúlachtaí praghaís agus toirte ar leibhéal an ábhair uathúil nó an chóid seirbhíse do shealbhóirí buiséid.
- Le IFMS ceadófar do FSS — anuas ar a thuairisciú sainordaithe ar bhonn fabhráithe atá ann cheana — cuntasáíocht agus tuairisciú bunaithe ar airgead tirim a dhéanamh le go mbeidh aillíniú níos fearr ann le tuairisciú na Roinne atá bunaithe ar vótaí.
- Tá coinne leis freisin, le himeacht ama, go n-éascóidh leabú IFMS laistigh de FSS tuairisciú airgeadais níos fearr agus níos tráthúla don Roinn mar aon le réamhaisnéisiú lena haghaidh.

Mar sin féin, shuigh an fhoireann imscrúdúcháin nár tháinig aon athrú ábhartha ar fhormáid tuairiscithe FSS don Roinn ó fheidhmiú céimnithe IFMS an chéad lá riamh.²

17.42

Dúirt FSS nach mbainfear amach tairbhí IFMS a bhaineann le tuairisciú ina n-iomláine go dtí go gcuirfear IFMS i bhfeidhm go hiomlán ar fud FSS uile faoi lár 2025. Idir an dá linn, leanann sí de bheith ag tuairisciú don Roinn ar bhonn seachtainiúil agus míosúil, i gcomhréir leis an bhformáid chomhaontaithe agus leis an amchlár maidir le tuairisciú.

¹ Déanfar ionadaíocht do gach eintiteas dlíthiúil ar IFMS lena chód cuideachta SAP féin, ag a mbeidh a shraith ionad costais féin chun eagraíocht inmheánach an eintitis dlíthiúil agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil a léiriú.

² Léirítear tuarascálacha airgeadais agus nuashonruithe caiteachais ach úsáid a bhaint as córais airgeadais IFMS agus neamh-IFMS araon.

Conclúidí agus moltaí

- 17.43** Tiocfaidh IFMS — córas airgeadais agus soláthair comhtháite náisiúnta aonair — in ionad na gcóras oidhreachta bainistíochta airgeadais atá i bhfeidhm ar fud Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus na gcomhlachtaí eile laistigh de raon feidhme IFMS.

Buiséad tionscadail

- 17.44** In 2015, de bhun mholadh na Roinne Sláinte, d'fhaomh an Roinn Caiteachais Phoiblí dul chun cinn IFMS faoi 2020 ar bhonn buiséad a bhí comhdhéanta de

- €82 milliún do chostais chaipitil agus aonuaire chun an córas a fheidhmiú go céimneach; agus
- €50 milliún i maoiniú athfhillteach chun costais a thabhaítear ar cheadúnú agus cothabháil na gcóras i gcaitheamh na tréimhse 11 bliana ó 2016 go 2026 a chumhdach.

Tá an maoiniú leithdháilte á chur ar fáil tríd an Vóta Sláinte. Leithdháileadh €40 milliún sa bhreis in 2024 chun borradh a chur faoi rolladh amach IFMS, rud a thug an buiséad iomlán TFC faofa go dtí seo go €172 milliún.

Moilleanna ar thionscadail

- 17.45** I mí na Nollag 2019, tar éis próiseas tairisceana chun suimeálaí córas a shainaithint do IFMS, rinne FSS conradh le haghaidh díreach os cionn €19 milliún, leis an tairgeoir rathúil, chun IFMS a dhearadh agus a fhorbairt lena rith ar ardán bogearraí SAP. Bhí an tairiscint rathúil i bhfad ní b'íse ná an dá thairiscint eile a fuarthas.

- 17.46** Le cás gnó TFC 2015 de chuid FSS, samhlaíodh go gcuirfí tús le feidhmiú céimneach IFMS — a bhí beartaithe ar bhonn céimneach — in 2017 d'fhonn é a rolladh amach go hiomlán in FSS agus i gcomhlachtaí Sláinte eile faoi 2020. Mar sin féin, rinneadh athbhreithniú ar an bplean um fheidhmiú céimneach roinnt uaireanta, mar gheall ar na moilleanna a bhain le slógadh tionscadail go príomha; na dúshláin maidir le soláthar an tsuimeálaí córas bunaidh agus na dúshláin dearaidh ghaolmhara; Covid-19; an cibirionsaí ar FSS agus an t-athrú a rinneadh dá éis sin ar an tsuimeálaí córas.

- 17.47** Agus dearadh an chórais curtha i gcrích, lenar bhain costas €5.3 milliún (CBL san áireamh), agus ag tús na céime tógála, d'aontaigh FSS agus an tsuimeálaí córas bunaidh an conradh a fhoirceannadh ag deireadh 2021. Íocadh €4 milliún sa bhreis leis an tsuimeálaí córas a tháinig ina dhiaidh sin chun dearadh an tsuimeálaí córais roimhe sin a athbhreithniú agus a bhailíochtú lena chinntiú gur chomhlíon sé ceanglais athbhreithnithe IFMS.

- 17.48** I mí Iúil 2022, tar éis comórtas tairisceana nua, rinne FSS conradh le suimeálaí córas atá ann faoi láthair dar luach €63 milliún chun bailíochtú dhearadh an chéad suimeálaí córas, rolladh amach IFMS ar fud FSS agus na gcomhlachtaí sláinte deonacha laistigh de raon feidhme, tacaíocht i ndiaidh 'teacht i bhfeidhm', agus táirgí bogearraí a chumhdach.

- 17.49** Cuireadh céim thógála agus thástála an chórais le haghaidh thionscadal IFMS i gcrích thart ar dheireadh mhí an Mheithimh 2023. In ainneoin a ghaire a bhí an dáta seolta, chinn FSS IFMS a chur i bhfeidhm don chéad ghrúpa forfheidhmithe mar a bhí beartaithe ag tús mhí Iúil 2023.

- 17.50** Ní gan dúshlán a feidhmíodh go céimneach é. Bhí acmhainní teoranta ar fáil chun cúnamh a thabhairt do bhaill foirne maidir leis an aistriú chuig IFMS agus chun dul i ngleic le saincheistean a tháinig chun cinn as méid na bpróiseas athraithe a bhí i gceist. Ar an iomlán, mheas na húsáideoirí nach raibh a ndóthain ama acu eolas a chur ar an gcóras sular tháinig sé i bhfeidhm. Tar éis chleachtadh na gceachtanna foghlamtha a cuireadh i gcrích i mí Feabhra 2024, shainaithin FSS roinnt gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar phleanáil d'fheidhmithe céimneacha an chórais amach anseo.
- 17.51** Cuireadh moill bhreise ar fheidhmiú céimneach an chórais de dheasca gníomhaíocht thionsclaíoch i gcaitheamh na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 go dtí tús mhí Feabhra 2024. Bhain FSS agus IBM leas as an tréimhse sin mar dheis chun obair a dhéanamh ar IFMS, chun an fheidhmiúlacht a bharrfheabhsú agus tacaíochtaí feabhsaithe a chur ar fáil a bhí beartaithe le dul chun leasa do FSS agus d'úsáideoirí an chórais araon.
- 17.52** Agus an cumas aici anois de bharr an mhaoinithe breise €40 milliún a cuireadh ar fáil sa Vóta Sláinte do 2024 le haghaidh feidhmiú céimneach luathaithe IFMS, tá sé beartaithe ag FSS anois an córas a fheidhmiú go céimneach ar fud an chuid eile de FSS in dhá chéim. Faoi dheireadh 2025, tá súil ag FSS go mbeidh FSS ina hiomláine, lena gcumhdaítear thart ar 80% den chaiteachas sláinte bhliantúil, próiseáilte trí IFMS.

Olltoradh buiséid

- 17.53** Rinneadh costáil ar chás gnó TFC 2015 arna chur i láthair ag FSS gan an costas CBL a chur san áireamh, ach níor sonraíodh é sin sa chás gnó. Le cás gnó níos leithne a leagadh faoi bhráid na Roinne in 2014, lena n-áirítear soláthar do IFMS, sonraíodh nach raibh CBL san áireamh.
- 17.54** Measann an Roinn, agus an togra costais a leag FSS amach in 2015 á fhaomhadh aici, go ndearna sí amhlaidh agus CBL á cur san áireamh.
- 17.55** Chuir FSS in iúl don Roinn dá éis sin i ndeireadh 2022 go mbeadh gá le tuilleadh maoiniú caipitil — ó 2026 ar aghaidh is dóichí— chun feidhmiú céimneach IFMS a chur i gcrích. Thug sí dá haire, *inter alia*, nach raibh CBL san áireamh sa bhuiséad €82 milliún a faomhadh roimhe seo agus go raibh sé bunaithe ar mheastacháin roimh an tairiscint.

Moladh 17.1

Ba cheart do FSS buiséad tionscadail athbhreithnithe a fhorbairt agus a chur ar fáil don Roinn Sláinte ina leagfar amach na costais a bhfuil coinne leo amach anseo (agus CBL san áireamh agus CBL as an áireamh) agus aon mhaoiniú a bhféadfadh gá a bheith leis chun rolladh amach iomlán an chórais a bhaint amach ar fud na gcomhlachtaí uile laistigh de raon feidhme IFMS.

Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Aontaíonn

Sainaithníodh go hiomlán an maoiniú a bhfuil gá leis le haghaidh gach céime den tionscadal arna faomhadh, suas go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2025.

Sna céimeanna faofa den tionscadal cuirfear rolladh amach IFMS i gcrích ar fud an chórais reachtúil cúraim sláinte ina iomláine, agus tá sé sceidealaithe go mbeidh an córas i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí Iúil 2025, tar éis tréimhse diantacaíochta i ndiaidh 'teacht i bhfeidhm'. Mairfidh céim fhaofa reatha an tionscadail go dtí an 30 Meán Fómhair 2025. Is é rud a bheidh sna céimeanna de thionscadal IFMS amach anseo ná an réiteach a fheidhmiú go céimneach chuig eagraíochtaí deonacha atá sa raon feidhme, i.e. gach eagraíocht dheonach faoi alt 38 agus gach eagraíocht dheonach faoi alt 39 a fhaigheann maoiniú bliantúil de bhreis ar €10 milliún.

Déanfar na costais agus an maoiniú a mbeidh gá leo do chéimeanna an tionscadail amach anseo tar éis mhí Mheán Fómhair 2025 a fhorbairt mar chuid de phleanáil mhionsonraithe tionscadail do na céimeanna amach anseo, agus leagfar faoi bhráid rialachas an chláir iad lena bhfaomhadh ag tús 2025. Na costais agus an maoiniú a mheastar a mbeidh gá leo amach anseo do na céimeanna sin, soláthrófar don Roinn Sláinte iad mar chuid den phróiseas meastachán bliantúil agus de phróiseas an phlean caipitil TFC i Ráithe 4 2024.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Ráithe 4 2024.

- 17.56** I gcaitheamh na tréimhse 2016 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024, chaith FSS thart ar €60 milliún (CBL san áireamh) den bhuiséad caipitil ar fhorbairt agus feidhmiú céimneach IFMS. Bhí na híocaíochtaí leis na suimeálaithe córas cothrom le €49 milliún san iomlán, agus an tráth céanna bhí íocaíochtaí le díoltóirí seachtracha as bearta cobhsaíochta agus gníomhaíochtaí eile a bhain leis an gclár cothrom le thart ar €11 milliún.
- 17.57** Cé gur leagadh amach le cás gnó TFC 2015 go raibh an costas a bhain le 27.5 ball foirne measta ar bhonn coibhéis lánaimseartha a oibríonn ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm IFMS agus costais bonneagair tacaíochta ina gcuid den bhuiséad caipitil, shoiléirigh FSS go mbaineann na costais sin le costais sheachtracha, seachas costais intí.
- 17.58** Tuarastail bhaill foirne FSS a oibríonn ar thionscadal IFMS agus a bhforchostais atá cothrom le thart ar €50.75 milliún san iomlán go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024, caitear mar speansas neamhchaipitil iad agus muirearaíodh iad in aghaidh bhuiséad an chláir athchóirithe airgeadais, arb é IFMS an phríomhghné de. Costais neamhchaipitil eile a tabhaíodh i ndáil le tionscadal IFMS dar luach €24.8 milliún san iomlán, muirearaíodh ar leithdháileadh Ionad Bairr Feabhais SAP de chuid FSS iad.
- 17.59** Idir mí Mheán Fómhair 2022 agus mí an Mheithimh 2024, d'aontaigh FSS naoi gcinn d'athruithe conartha leis an suimeálaí córas, ar luach iomlán thart ar €44 milliún, rud a mhéadaigh luach foriomlán an chonartha go €107 milliún (CBL san áireamh). Is iad trí athrú is cúis le €42 milliún (96%) den mhéadú. Baineann an t-athrú is mó (€20 milliún) le hathphleanáil agus feidhmiú céimneach luathaithe IFMS ar fud FSS, agus baineann athrú eile (€18 milliún) le tacaíocht tar éis 'teacht i bhfeidhm'.

- 17.60** Thuairiscigh FSS, faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024, go raibh caiteachas iomlán thart ar €136 milliún tabhaithe aige ar thionscadal IFMS, lena n-áirítear na costais a muirearaíodh ar réimsí 'gnó mar is gnách' IFMS laistigh de chóras cuntasáíochta FSS.
- 17.61** Cé nach eol an costas iomlán a bhaineann le forbairt agus rolladh amach IFMS chuig gach réimse de FSS agus comhlachtaí eile laistigh den raon feidhme i láthair na huaire, tá FSS meáite ar phleanáil tionscadail mhionsonraithe a fhorbairt maidir leis na céimeanna amach anseo agus leagfar é sin faoi bhráid rialachas an chlár lena fhaomhadh ag tús 2025.

Tuairisciú airgeadais

- 17.62** Le hiniúchadh 2023 ar ráitis airgeadais FSS, tugadh faoi deara roinnt fadhbanna a bhain le cur i bhfeidhm IFMS. Mar sin féin, shonraigh FSS go léireofar a ráitis airgeadais bhliantúla le haghaidh 2025 go hiomlán ó IFMS tar éis feidhmiú céimneach iomlán an chórais ar fud FSS le linn 2025.
- 17.63** A luaithe a bheidh IFMS i bhfeidhm go hiomlán, tá coinne le FSS go n-áireofar leis an bhfeidhmiúlacht a chuirfear ar fáil tuairisciú praghais/toirte agus tuairisciú airgid thirim ar bhonn lárnach agus réigiúnach achoimre costais, rud a chuirfidh feabhas mór ar thuairisciú airgeadais FSS.

Iarscríbhinn 17A Eagraíochtaí Alt 38 agus 39 laistigh den raon feidhme le haghaidh IFMS

Fíor 17A.1 Eagraíochtaí Alt 38 laistigh den raon feidhme le haghaidh IFMS

Ospidéal ghéarmhíochaine	Gníomhaireachtaí sláinte neamh-ghéarmhíochaine
1. Ospidéal Beaumont	1. Avista
2. Sláinte Leanaí Éireann	2. Brothers of Charity Services Ireland
3. Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin	3. Carriglea Cáirde Services
4. Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae	4. An Clinic Lárnach Íocshláinteach
5. Ospidéal Ollscoile na Trócaire	5. Cheeverstown House
6. An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais	6. COPE Foundation
7. Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí	7. Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta Ollscoil Chorcaí
8. Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin	8. Ospidéal Déadach Ollscoile Átha Cliath
9. Ospidéal an Rotunda	9. Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann
10. Ospidéal Súl agus Cluas Ríoga Victoria	10. KARE
11. Ospidéal San Séamas	11. Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar
12. Ospidéal Naomh Eoin	12. Ospidéal agus Ospís na hOllscoile, Marymount
13. Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus Ospidéal Naomh Mícheál	13. Milford Care Centre
14. An Otharlann Theas - Ospidéal Ollscoile Victoria	14. Muiríosa Foundation
15. Ospidéal Ollscoile Thamhlachta	15. Our Lady's Hospice and Care Services (Siúracha Carthanachta - Baile Átha Cliath)
	16. Peamount Healthcare
	17. An tOspidéal Ríoga, Domhnach Broc
	18. St Francis Hospice, Baile Átha Cliath
	19. St John of God Community Services Ltd.
	20. Teach Naomh Mícheál
	21. St Patrick's Centre (Cill Chainnigh)
	22. Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Fionnradharc
	23. Stewart's Care
	24. Sunbeam House Services
	25. The Children's Sunshine Home
	26. The Galway Hospice Foundation Company Limited by Guarantee

Fíor 17A.2 Eagraíochtaí Alt 39 laistigh den raon feidhme le haghaidh IFMS^a

- | | |
|--|---|
| 1. Ability West Ltd | 13. Jigsaw |
| 2. Acquired Brain Injury Ireland (dar ghaireadh Peter Bradley Foundation roimhe seo) | 14. Kerry Parents and Friends Association |
| 3. Cumann Alzheimer na hÉireann | 15. Prosper Group |
| 4. Bluebird Care | 16. Rehab Group |
| 5. Camphill Communities of Ireland | 17. St Christopher's Services, an Longfort |
| 6. Comharchumann na Lia-Chleachtóirí Caredoc | 18. St Joseph's Foundation |
| 7. Caremark Ireland | 19. Simon Communities of Ireland |
| 8. Ionaid um Maireachtáil Neamhspleách (IMN) | 20. Sora Healthcare ag trádáil mar Irish Homecare |
| 9. Fondúireacht Cheshire in Éirinn | 21. SOS (Cill Chainnigh) CLG |
| 10. Comfort Keepers Ltd. | 22. Comharchumann na Lia-Chleachtóirí South Doc |
| 11. Cumas Éireann | 23. Cumann Cúraim an Iarthair |
| 12. Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | |
-

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nóta a Tá na heagraíochtaí a liostaítear laistigh den raon feidhme le haghaidh IFMS faoi láthair. Samhlaítear go bhfeidhmeofar IFMS go céimneach chuig gach ceann de na heagraíochtaí faoi alt 39 a fhaigheann os cionn €10 milliún de mhaoiniú ó FSS.

Iarscr  bhinn 17B Gr  pa   cur i bhfeidhm IFMS FSS ag m   Mhe  n F  mhair 2022**Gr  pa Forfheidhmithe 1 (Oirthear)**

CHO6^a
 CHO7
 CHO9
 Ospid  al U   Chonghaile
 Ospid  al Ginear  lta an N  is
 Ospid  al Cholm Cille
 L  nra Rada  ochta agus
 Oinceola  ochta Naomh L  c  is
 Seirbh  is   Corpar  ideacha agus
 N  isi  nta FSS
 Ioncam Caipitil agus   ca  ochta  
 N  isi  nta
 Ionad D  ileach  in N  isi  nta
 Seirbh  is Ais  ca  ochta C  raim

Gr  pa Forfheidhmithe 2 (Iarthar)

CHO2
 Ospid  al na hOllscoile, Gaillimh
 Ospid  al Ollscoile Mhaigh Eo
 Ospid  al Chol  iste na hOllscoile, P  irc
 Mhuirlinne
 Ospid  al Ollscoile Portiuncula
 Ospid  al Ollscoile Ros Com  in
 Teach Naomh M  che  l (Alt 38)
 Cumann C  raim an Iarthair (Alt 39)

Gr  pa Forfheidhmithe 3 (Deisceart)

CHO4
 CHO5
 Ospid  al Ginear  lta Bheanntra  
 Ospid  al Ollscoile Chorca  
 Ospid  al Ortaip  ideach na Coille
 Cr  ne
 Ospid  al Ginear  lta Mhala
 Ospid  al Ginear  lta Thiobraid   rann
 Theas
 Ospid  al Ginear  lta L  c  is, Cill
 Chainnigh
 Ospid  al na hOllscoile, Ciarra  
 Ospid  al na hOllscoile, Port L  irge
 Ospid  al Ginear  lta Loch Garman

**Gr  pa Forfheidhmithe 4
(Me  niarthar agus Iarthuaisceart)**

CHO1
 CHO3
 Ospid  al Ortaip  ideach Chromadh
 Ospid  al Inis
 Ospid  al na hOllscoile, Leitir Ceanainn
 Ospid  al Ginear  lta an Aonaigh
 Ospid  al Ollscoile Shligigh
 Ospid  al Ollscoile Luimnigh
 Ospid  al M  ithreachais na hOllscoile,
 Luimneach
 Ospid  al Ollscoile an Mater
 Misericordiae

**Gr  pa Forfheidhmithe 5 (L  r T  re
agus Oirthuaisceart)**

CHO8
 Ospid  al Ginear  lta an Chabh  in
 Ospid  al Chontae L  
 An tOspid  al R  igi  nach L  r T  re, an
 Muileann gCearr
 An tOspid  al R  igi  nach L  r T  re, Port
 Laoise
 An tOspid  al R  igi  nach L  r T  re,
 Tulach Mh  r
 Ospid  al Mhuineach  in
 Ospid  al Mhuire Lourdes
 Ospid  al Mhuire, an Uaimh

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbh  ise Sl  inte

N  ta a Tagra  onn CHO d'Eagra  ochta   Sl  inte Pobail. Is ann do naoi CHO in FSS Oibr  onn gach CHO tr   l  nra   c  raim phr  iomh  il a chuims  onn lia-
 chleacht  ir  , altra   agus gairmithe sl  inte comhghaolmhara.

Iarscríbhinn 17C Nótaí athraithe sa rialú

Nótaí athraithe ^a	Tréimhse chlúdaigh	Cur síos	Leithdháileadh íocaíochta	Méid €000
NAR 1 3 Deireadh Fómhair 2022	<i>An 3 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023</i>	Seirbhís tacaíochta a chur ar fáil do réiteach néalríomhaireachta SAP Ariba Snap go dtí go n-ascnaíonn FSS chuig réiteach IFMS SAP mar chuid de IFMS GF1.	Is ea (Caipiteal IFMS)	231
NAR 2 23 Meán Fómhair 2022		Fophróiseáláí breise (amach ón gcósta) a chur leis an gcomhaontú um próiseáil sonraí.	Is ea	—
NAR 3 20 Eanáir 2023	<i>An 1 Bealtaine 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2026</i>	Tacaíocht 'teacht i bhfeidhm' a chur ar fáil maidir leis an bhfeidhmchlár faoi shamhail seirbhíse arna bainistiú ar bhonn acmhainne tar éis na tréimhse ina dtugtar níos mó cúraim d'úsáideoirí. Cuirtear tacaíocht ar fáil do gach babhta d'implonú IFMS. Áirítear leis an tseirbhís sin tacaíocht theicniúil ar feadh bliana agus mionfheabhsuithe ar an gcóras. Áiríodh sa nóta athraithe freisin costálacha le haghaidh leibhéal feabhsaithe tacaíochta ar feadh tréimhse shínte, más gá.	Is ea (Ioncam CoE SAP IFMS)	17,829
NAR 4 1 Márta 2023		Athphleanáil ar réiteach saincheaptha um pleanáil agus réamhaisnéisiú buiséid.	Is ea	—
NAR 5 14 Aibreán 2023	<i>Mí na Bealtaine go mí Lúnasa 2023 (le híocaíocht a cheadú i mí Lúnasa)</i>	Suimeáláí córas le tacaíocht oiliúna bhreise a chur ar fáil le haghaidh oiliúint úsáideora deiridh GF1 ó mhí Bealtaine go mí Iúil 2023.	Is ea (Caipiteal IFMS)	124
NAC 6 1 Samhain 2023	<i>An 21 Meán Fómhair 2023 go dtí an 29 Nollaig 2023</i>	Suimeáláí córas le hobair a dhéanamh ar fheabhsuithe tosaíochta ar an gcóras le linn na díospóide tionsclaíche. Áiríodh leis sin barrfheabhsú maidir le próiseáil sonrasc, buiséadú, tuairisciú ar chaipiteal agus eastáit. Cumhdaíodh leis an obair freisin tacaíochtaí gnó leathnaithe do FSS, treoracha úsáideora a chur ar fáil mar aon le gníomhaíochtaí chun tacú le feidhmiú céimneach luathaithe IFMS.	Is ea (Caipiteal IFMS)	4,298
NAR 7 14 Samhain 2023	<i>An 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Eanáir 2024</i>	Cumhdaítear soláthar leanúnach ar fheabhsuithe faofa IFMS, e.g. obair ar chainéil cheannaigh, feidhmiúlacht maidir le féinseirbhís soláthraithe agus athrú chun ionaid chostais a chumasú mar pharaiméadar roghnaithe le haghaidh ráitis airgeadais. Áiríodh tacaíocht ghnó do sheirbhísí agus gníomhaíochtaí comhroinnte FSS freisin chun plean um fheidhmiú céimneach luathaithe IFMS a éascú.	Is ea (Caipiteal IFMS)	1,188
NAR 8 22 Eanáir 2024	<i>Mí Eanáir go mí an Mheithimh 2024</i>	Seirbhísí oiliúna incriminteacha chun tacú le haonad Ionad Bairr Feabhais SAP in FSS le gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le GF1.	Is ea (Ioncam CoE SAP IFMS)	116
NAR 9 1 Márta 2024	<i>An 1 Feabhra 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025</i>	Borradh a chur faoin bhfeidhmiú céimneach chuig an eagraíocht reachtúil de chuid FSS atá fágtha in dhá ghrúpa, GF2 agus GF3. Suimeáláí córas le foirne réigiúnacha a shlógadh chun comhoibriú le foirne réigiúnacha FSS ar mhaithe leis na gníomhaíochtaí a sholáthar a bhfuil gá leo chun an feidhmiú céimneach a chumasú. Na ceanglais shaincheaptha a leagan síos i gcomhthráth; ag forbairt agus ag tástáil an chórais atá le cur i gcrích le haghaidh GF2 agus GF3.	Is ea (Leithdháileadh le cinneadh)	19,994
				43,780

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
 Nóta: a Ciallaíonn NAR 'nóta athraithe sa rialú'.